NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10913 – SADCO / HACP / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 452/09)

1. An 17 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Saudi Aramco Development Co Ltd ("SADCO", an Araib Shádach), atá á rialú ag Saudi Arabian Oil Company ("Saudi Aramco", an Araib Shádach),

— Honeywell Automation and Control Products Ltd ("HACP", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá á rialú ag Honeywell International Inc. ("Honeywell", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— the Joint Venture ("JV", an Araib Shádach).

Gheobhaidh SADCO agus HACP comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sa JV.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás SADCO: fochuideachta de chuid Saudi Aramco, ar cuideachta comhstoic é atá ag gabháil go príomha do shubstaintí hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéaladh, a dhruileáil agus a eastóscadh agus na substaintí sin a phróiseáil, a mhonarú, a mhínghlanadh agus a mhargú,

— i gcás HACP: fochuideachta de chuid Honeywell, ar ilchuideachta ilnáisiúnta é a oibríonn i gceithre réimse gnó: an t-aeraspás; teicneolaíochtaí tógála; ábhair agus teicneolaíochtaí feidhmíochta; agus réitigh sábháilteachta agus táirgiúlachta.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nuabhunaithe: forbairt, margaíocht, tráchtálú agus oibriú córais chomhtháite bainistíochta oibríochtaí monaraíochta (iMOMS) atá brandáilte mar "Plant. Digital", atá gníomhach go príomha i réigiún Chomhairle Comhair na Murascaille agus san Iaráic.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10913 – SADCO / HACP / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË